# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

15 Nollaig 2022 || Eagrán 126

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**



# LÉIRMHEAS AR RÓISE & FRANK

Chonaic muid an scannán grinn Róise agus Frank leis na stiúrthóirí Peter Murphy agus Rachel Moriarty i Seanscoil Shailearna le gairid. Is faoin mbaintreach Róise, atá croí bhriste de bharr bás a fear céile Frank, é an scannán. Ceapann Róise go bhfuil a fear céile tagtha ar ais i bhfoirm madra atá ar strae a thugann an-sólás di. Scéilín deas atá ann a léiríonn go mbíonn dóchas le fáil ins na h-áiteanna is dorcha. Tá an scannán lonnaithe i nGaeltacht na Rinne i bPort Láirge agus radharcanna álainn le feiceáil den áit sin. Níl an scannán ach uair go leith ar fhad agus bhí an Ghaeilge éasca le tuiscint. Cé go ngluaiseann an scéal beagán mall ar dtús tarlaíonn forbairt sách sciobthaí go h-áirithe nuair a athraíonn intinn an mhac Alan maidir lena athair a bheith mar mhadra. Ní raibh deireadh an scannáin baileach mar a bhí muid ag súil leis. Mholfadh muid gur cheart do gach duine é a fheiceáil mar tá an plota an-taitneamhach agus ábhar machnaimh ag baint leis chomh maith. Tugann muid 7/10 dó. Tá muid an-bhuíoch do Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga as ucht an deis a chur ar fáil dúinn chun é a fheiceáil.




Caoimhe Ní Fhlatharta agus
Séamus Smyth
Bliain 6, Coláiste Cholmcille

# LÉIRMHEAS AR RÓISE & FRANK

Fuair daltaí na cúigiú bliana an bus siar ó Choláiste Chroí Mhuire go dtí Seanscoil Sailearna le gairid chun an scannán Róise agus Frank a fheiceáil. Nuair a shiúil muid isteach ní raibh a fhios againn beo cén sórt scannán a bhí romhainn. Múchadh na soilse, thosaigh an scannán agus caithfidh muid a rá go raibh muid i ngreim ón gcéad nóiméad! Scannán iontach le scileanna aisteoireachta den scoth a bhí ann. Thaitin na carachtair ar fad linn ach is cinnte gur thit muid i ngrá leis an madra Frank. Mhothaigh an lucht féachana trí chéile comhbhá leis an bpríomhcharachtar de bharr an méid a chuaigh sí tríd. Tá muid an-sásta agus fíorbhródúil go raibh scannán den chaighdeán seo ar fáil dúinn trí Ghaeilge agus go raibh muid in ann breathnú air in amharclann áitiúil. Is fada linn go mbeidh an chéad scannán eile ar fáil. (Ailbhe Ní Neachtain, Clíona Ní Chonghaile, Sarah Ní Alluráin.)

# BONN ÓIR DO CHLUB IOMÁNAÍOCHTA BEARNA NA FORBACHA

Comhghairdeachas le Club Iománaíochta Bhearna/Na Forbacha ar éirigh leo bonn óir a bhaint amach i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha i mbliana. Níor bhain ach 3 chlub sa tír ar fad an éacht seo amach i mbliana! Ba lá thar a bheith bródúil é don chlub agus dá bhaill mar léiríonn an bonn seo an obair chrua agus an díograis a thugann an club don Ghaeilge. Aithníodh an iarracht iontach atá déanta ag an gClub leis an Ghaeilge a chur chun cinn ó thaobh traenáil, imeachtaí agus ócáidí sóisialta a bhíonn á reáchtáil acu.



Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

# TAISPEÁNTAS EALAÍNE

Cuireadh tús le taispeántas ealaíne i nGailearaí Fíbín, i mBaile na hAbhann, ar an Satharn 10ú Nollaig. Beidh an taispeántas oscailte don phobal arís an deireadh seachtaine seo (17ú & 18ú Nollaig) idir 11 agus 5i.n. Feicfear cuid mhaith oibre ó ealaíontóirí áitiúla ag an taispeántas - Lelia Ní Chathmhaoil, Méadhbh Ní Eidhin agus Tadhg Ó Cuirrín san áireamh. Beidh ealaín ar díol ag an taispeántas chomh maith!




# SEIRBHÍS CARÚL NA NOLLAG PHARÓISTE AN SPIDÉIL


Beidh Seirbhís Carúl Nollag Pharóiste an Spidéil ar bun i gCill Éinde sa Spidéal ar an Domhnach 18 Nollaig ag 6.00 i.n. Níor eagraíodh í le dhá bhliain anuas de bharr cúrsaí sláinte poiblí agus is cinnte gur airigh daoine uathu é, mar go gcuireann an tseirbhís tús le séasúr na Nollag i gCois Fharraige dar le go leor! Is ócáid phobail í a eagraíonn buíon faoi stiúir Thraolach Uí Chonghaile. Bíonn óg is sean páirteach agus bíonn léamha filíochta agus próis, mar aon le léachtaí agus paidreacha le cloisteáil i dteannta carúil choitianta agus charúil dhúchasacha á gcur i láthair. Is ócáid mhachnamhach, an-taitneamhach í agus cuirtear fáilte mhór roimh chuile dhuine, mórphobal Chois Fharraige go hairid!

# CRANNCHUR MÓR NA NOLLAG!

Beidh os cionn 100 duais le buachan i gCrannchur Mór na Nollag, a bheas á reáchtáil ag Cumann Micheál Breathnach ar an Domhnach 18 Nollaig. Dearbhán ola, ar fiú €1,000 é, atá urraithe ag Mylan agus ag Sweeney Oil, an phríomhdhuais ach tá neart duaiseanna breátha eile le buachan. Ní foláir ticéid a cheannach chomh luath agus is féidir. Is cuid den Chrannchur Náisiúnta Bliantúil, a reáchtálann Chumann Lúthchleas Gael é agus beidh gach ticéad a cheannaítear go háitiúil sa gcrannchur á chur sa droma mór don tarraingt náisiúnta a bheas ar bun mí na Márta, le carr nua Dacia Duster mar phríomhdhuais. €10 atá ar thicéad. Aon airgead a bhailítear go háitiúil as díol na dticéad is ag an gclub a fhanann sé. Is féidir níos mó eolais a fháil ar chuntas Facebook an chlub.

# CILL ÉINDE - CÉAD BLIAIN

Tá an leabhar 'Cill Éinde - Céad Bliain' ar fáil anois ó Siopa Francis, Tigh Uí Dhomhnaill agus Tigh Standún sa Spidéal. Ceiliúradh ar shéipéal an Spidéil atá sa leabhar ó 1907-2007. 'Sé Eoin Ó Droighneáin a chuir in eagar agus réitigh scríbhneoirí agus pearsa áitiúla míreanna dó - Máire Ní Neachtain, Maidhc P Ó Conaola, Feargal Ó Bearra agus Beairtle Ó Conaire ina measc.



# STIÚIDEO NUA FÍBÍN OSCAILTE GO HOIFIGIÚIL

Bhí údar ceiliúrtha ag an gcomhlacht Fíbín ar an Aoine seo caite nuair a osclaíodh stiúideo nua teilifíse taobh leis an gceannáras atá ag Fíbín ar an Tulach, Baile na hAbhann. Sí Máire Treasa Ní Dhubhghaill a rinne an oscailte oifigiúil. Ghlac Darach Ó Tuairisg, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Mheangadh Fíbín, buíochas leis an gClár Leader as an tacaíocht a chur ar fáil a chur ar chumas Fíbín an stiúideo a réiteach le cláracha teilifíse a dhéanamh. Dúirt sé go gcuirfeadh an stiúideo breis fostaíochta ar fáil sa gceantar in earnáil na teilifíse. Ag cruinniú a bhí ag Bord Údarás na Gaeltachta ar an Aoine seo caite, an cruinniú deireannach don bhord reatha agus a chéad chruinniú don Phríomhfheidhmeannach nua, Tomás Ó Síocháin, ceadaíodh deontas do Mheangadh Fíbín Teo le gur féidir leis an gcomhlacht 15 post nua a chur ar fáil san earnáil closamharc idir seo agus 2025.





# COMÓRTAS COMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA & MEAS MEDIA

Tá comórtas iontach á reáchtáil ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Meas Media. Tá dearbhán €1,000 do Centre Parcs (An Longfort) le buachan! Tá an comórtas á reáchtáil ar Facebook. Le cur isteach ar an gcomórtas níl le déanamh ach an postáil a roinnt, 'Like' a thabhairt dó, agus trácht a fhágáil faoi! Roghnófar buaiteoir ar an 23ú Nollaig!

# DIARMUID AGUS AN MATA DRAÍOCHTA


Tá leabhar nua foilsithe ag Ciarán Mac Fhearghusa darbh ainm 'Diarmuid agus an Mata Yoga Draíochta san Astráil'. Is múinteoir ióga agus aireachais é Ciarán. Tá cáilíocht sa mhúinteoireacht ag Ciarán, agus chaith sé bliain san India i mbun staidéir ar chúrsaí ióga. Bhunaigh Ciarán an comhlacht Óga Yoga sa bhliain 2012 agus tá breis is 25,000 dalta bunscoile múinte aige ó shin. Insíonn an leabhar scéal Dhiarmuid ar bhealach taitneamhach agus cruthaitheach le ióga, gluaiseachtaí coirp agus oideachas. Le dul leis an leabhar, tá cártaí íoga cruthaithe ag Ciarán a léiríonn eolas maidir leis na geáitsí ióga agus an cúlra a bhaineann leo. Chomh maith le sin, tá leabhar dathúcháin le 27 maisiúcháin ghleoite a théan leis an scéal. Is féidir an leabhar a cheannach ag Cló Iar-Chonnacht, sa Spidéal.



# GREAMÁIN GHAEILGE AR LÍNE

Tá greamáin áille ar fáil, saor in aisce, ón suíomh idirlín 'www.connectthedotsdesign.com' Tá rogha iontach ar fáil do ghreamáin ildaite a bheadh an-fheiliúnach don seomra ranga, don ionad cúram leanaí nó ag abaile fiú! Is iomaí frása deas atá ar na greamáin ar nós: "Obair iontach", "Ar fheabhas" agus "Iarracht Iontach". Cuirtear an leagan digiteach ar fáil saor in aisce agus ní mór iad a phriondáil tú féin.



# SEOLADH LEABHAIR

**Seoladh an leabhar 'Jimmy agus Taidhgín ag rith thimpeall Chois Fharraige' le gairid i Stiúideo Cuan, sa Spidéal. Ba chomhthogra de chuid Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga, Fighting Words Conamara agus bunscoileanna Chois Fharraige a bhí ann. Rinneadh ceardlann scríbhneoireachta le chuile scoile sa cheantar agus cuireadh na caibidil a réitigh siad le chéile le scéal den chéad scoth a chruthú. Rinne Dara McGee roinnt oibre leis na gasúir freisin le híomhánna iontacha a réiteach don scéal. Tháinig chuile dhuine le chéile leis an leabhar a sheoladh go hoifigiúil le gairid, agus thug Dara ceacht ealaíne ar an lá freisin le cúnamh a thabhairt do na gasúir cártaí Nollag a réiteach. Comhghairdeachas ó chroí leis na scríbhneoirí óga!**









